Cearta an duine

Ceist 1 (A) Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi cheiliúradh i mBaile Átha Cliath. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. Cén Ghaeilge atá orthu?

1. ceremony _____
2. the corresponding date _____
3. housing rights _____
4. refuge _____
5. fair trials _____
6. slavery _____
7. torture _____
8. oppression _____
9. more urgent _____
10. promote, advance _____
11. every corner of the world _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 1 (B) Cén Béarla atá ar na téarmaí thíos?

Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi bhrí ghinearálta na míre.

Ceist 3 '…cearta chun tuairimí a chur in iúl…'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus freagraígí na ceisteanna seo le chéile:

1. Déan liosta de na cearta ar fad a luadh sa mhír.
2. Cuir an liosta sin anois in ord tábhachta – cad iad na cearta is tábhachtaí, dar libh féin? Cén fáth?

3. Samhlaígí go bhfuil sibh in bhur gcónaí sa tSiria. Cad iad na cearta eile ar chóir iad a bheith ar an liosta, dar libh?

Féach ar an suíomh:
https://ga.wikipedia.org/wiki/Dearbh%C3%BA_Uilechoiteann_Chearta_an_Duine

Ceist 4 '…**i measc** chearta *an duine* …'

Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus scríobh amach na leaganacha cearta sna bearnaí:

(le haghaidh)(tíortha)(an domhan) _____
(ag deireadh)(mí)(an Meitheamh) _____
(bun)(leathanach)(an nuachtán) _____
(cóta)(cara)(Máire) _____
(áilleacht)(breacadh)(an lá) _____
(uaigneas)(lár)(an oíche) _____
(gluaisteán)(fear)(an bhialann) _____
(i rith)(samhradh)(an bhliain 1977) _____

Ceist 5 '…D'fhógair…' agus '…fógraíodh…'

Scríobh amach an saorbhriathar san aimsir chaite de na briathra seo a bhí sa mhír:

bhí –
bhunaigh –
dúirt –
ghlac –
thaispeáin –
bhain –

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar chóir go mbeadh cearta tithíochta mar chuid de chearta an duine? Cén fáth?
2. An bhfuil na cearta cuí ag gach duine in Éirinn, dar leat? Mínigh.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1 (A)

1. ceremony	*searmanas*
2. the corresponding date	*cothrom an lae*
3. housing rights	*cearta tithíochta*
4. refuge	*tearmann*
5. fair trials	*trialacha cothroma*
6. slavery	*sclábhaíocht*
7. torture	*céasadh*
8. oppression	*leatrom*
9. more urgent	*níos práinní*
10. promote, advance	*cur chun cinn*
11. every corner of the world	*gach cearn den domhan*

Ceist 1 (B)
Universal Declaration of Human Rights
The Irish Human Rights and Equality Commission

Ceist 2
Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.

Ceist 3
Cleachtadh cainte é seo atá bunaithe ar an mír.

Ceist 4
- le haghaidh thíortha an domhain
- ag deireadh mhí an Mheithimh
- bun leathanach an nuachtáin
- cóta chara Mháire
- áilleacht bhreacadh an lae
- uaigneas lár na hoíche
- gluaisteán fhear na bialainne
- i rith shamhradh na bliana 1977

Ceist 5
bhí – bhíothas
bhunaigh – bunaíodh
dúirt – dúradh
ghlac – glacadh
thaispeáin – taispeánadh
bhain – baineadh

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Máire T. Ní Mhadaoin
Bhí searmanas i mBaile Átha Cliath inniu le ceiliúradh a dhéanamh ar an Dearbhú Uilechoiteann maidir le Cearta an Duine[1], a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe, cothrom an lae seo seachtó bliain ó shin. Dúirt an tUachtarán, Michael D. Higgins, ag an searmanas go mb'fhéidir gur chóir smaoineamh ar chearta tithíochta a áireamh i measc chearta an duine.

Caoimhe Ní Laighin
D'fhógair na Náisiúin Aontaithe an Dearbhú Uilechoiteann maidir le Cearta an Duine, cothrom an lae é seo, seachtó bliain ó shin. I bPáras a fógraíodh é. Tá go leor ceart[2] clúdaithe faoin dearbhú, ina measc – cearta chun oibre, chun tearmann a lorg, cearta maidir le trialacha cothroma, saoirse chun tionól le chéile, chun tuairimí a chur in iúl, chun maireachtáil saor ó sclábhaíocht, céasadh agus leatrom.

Bhí searmanas ar siúl i mBaile Átha Cliath ar maidin chun ceiliúradh a dhéanamh ar lá a bhunaithe. Dúirt an tUachtarán, Michael D. Higgins, aige, gur sa lá atá inniu ann go raibh sé níos práinní ná mar a bhí sé riamh, cultúr a chur chun cinn ina bhfuil tús áite tugtha do chearta an duine.

I suirbhé atá foilsithe ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, deir 82% de na daoine a ghlac páirt ann go gceapann siadsan gur chóir go mbeadh tithíocht clúdaithe i measc chearta an duine.

Nial Ring, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath
An bhfuil rudaí ag dul chun cinn mar gheall ar shaoirse na ndaoine[3], cearta na ndaoine, go hairithe b'fhéidir sa tír seo, daoine gan dídean, *you know*. Tá cearta acu freisin ach ní dóigh liom go bhfuil mórán dul chun cinn déanta.

Caoimhe Ní Laighin
Anocht, taispeánadh íomhánna ag Halla na Cathrach i mBaile Átha Cliath, de dhaoine ó gach cearn den domhan, a bhfuil baint acu le cur chun cinn chearta an duine.

Caoimhe NÍ Laighin, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

[1] *Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine* an leagan oifigiúil
[2] *cearta* a dúradh
[3] *saoirse na daoine* a dúradh